

**UCC Library and UCC researchers have made this item openly available.  
Please [let us know](#) how this has helped you. Thanks!**

<b>Title</b>	An Sáspan Dubh agus deocha seirce eile
<b>Author(s)</b>	Ó Murchú, Tomás L.
<b>Editor(s)</b>	Ó Murchú, Tomás L.
<b>Publication date</b>	2018
<b>Original citation</b>	Ó Murchú, T. L. (2018) 'An Sáspan Dubh agus deocha seirce eile', Ceiliúradh An Bhlascaoid, 22, pp. 71-96.
<b>Type of publication</b>	Article (non peer-reviewed)
<b>Rights</b>	© 2018, the Author. Published by Coiscéim.
<b>Item downloaded from</b>	<a href="http://hdl.handle.net/10468/11155">http://hdl.handle.net/10468/11155</a>

Downloaded on 2021-11-27T15:26:56Z



# UCC

**University College Cork, Ireland**  
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

CEILIÚRADH AN BHLASCAOID 22

# Leigheas na Muintire agus Sláinte an Phobail

Eagarthóir  
Tomás L. Ó Murchú



Baile Átha Cliath



## An Sáspan Dubh agus Deocha Seirce Eile<sup>1</sup>

*Tomás L. Ó Murchú*

Corcaíoch is ea Tomás L. Ó Murchú a bhfuil ceangal láidir aige le hiarthar Chorca Dhuibhne mar gur Cíobhánach ón nGráig a mháthair, Marian. Bhronn Coláiste na hOllscoile, Corcaigh M.Phil. air i 2008, ‘*Clocha Scáil* (1930) le Seán Ó Dálaigh, Eagrán, Stíl, Teanga’ - mionstaidéar teangan agus liteartha ar leabhar an mháistir scoile ó Dhún Chaoin. Bhronn an Ollscoil chéanna céim dochtúireachta air in 2015 de bharr eagrán agus tráchtairacht ar dhá dhán déag a cumadh ar bhás Shéamaís Óig Mhic Coitir i gCorcaigh sa bhliain 1720 a chóiriú. Tá aistí dá chuid foilsithe in *Éigse: A Journal of Irish Studies* agus *Eighteenth Century Ireland, Iris an Dá Chultúr*.

Síos bóthar a ghaibheann fear agus greim láimhe aige ar a bhean, sa tsaol nár ghnáthach do mhuintir na tuaithe breith ar lámha ar a chéile. ‘Nách diail an greim atá ar mo dhuine’

<sup>1</sup> Seo leagan den bpáipéar a léadh ag Ceiliúradh an Bhlascaoid 2017. Tá ábhar breise ann nár tagraíodh dó ar an lá sna fonótaí. Gabhaim buíochas leis na daoine seo as pé comhairle a chuireadar orm agus mé i mbun taighde: Dáithí de Mórdha, Pádraig Ó Héalaí, Tomás Ó Lúing, Breandán Feiritéar, Séamas Barra Ó Súilleabháin, Pádraig Ó Crobháin, Liam P. Ó Murchú a léigh dréacht den bpáipéar, agus go háirithe Máirín Uí Chonchubhair a roinn go fialmhar fáilteach liom abhar a bhí bailithe aici fadó riamh agus í a mbun a taighde féin. Gura fada buan iad.

arsa fear ón áit le fear eile agus iad ag breithniú na lánúine ó chúinne an tsáipéil. ‘Mo chroí ‘on diabhal,’ arsa an fear eile acu, ‘deinim amach go dtóg so braon as an Sáspan Dubh.’

Ag déanamh leibhéil ar fhear an ghreim láimhe atá an bheirt sa scéilín sin. Ach sa mhagadh san is uile, dá mbeadh fear an-mhór le bean nó rócheanúil uirthi, dar le daoine, déarfaí go raibh braon as an Sáspan Dubh fachta aige. I bhfocail eile, nár ghrá ceart a bhí i gceist ach go raibh an fear faoi gheasa ag an mbean. Bheadh an tuiscint ann gur upa nó deoch seirce de shaghas éigin a bhí tógtha aige agus gur i sáspan dubh a deineadh é, agus, gur i ngan fhios don bhfear a thóg sé an braon draíochtúil úd. Cor cainte nó *idiom* is ea é seo atá i gcaint mhuintir Iarthar Dhuibhneach, go háirithe iad súd ó Pharóistí an Fheirtéaraigh agus ó Dhún Chaoim, chun a n-ionadh nó a n-amhras ar ionracas caidrimh nó cleamhnais a chur in úil. Ach, mar aon le mórchuid cora cainte, síneann a mbunús nó a stair i bhfad siar. ‘Chonaiceadar Murchadh’, a deirtear leothu súd a ghaibh trí chabhalae an tsaoil nó a fuair sceimhle de dheascaibh cinniúna. Is ag tagairt siar d’Iarla Inse Cuinn Murchadh Ó Briain a throid ar son na Parlaiminte, uaireanta, i gCogadh na Cónaidhme (1641-53) atáthar le ceart. Bhí teist air, ní foláir, chun dóiteáin agus b’iad fuíoll an áir a chonaic Murchadh an uair úd.<sup>2</sup> Bhí níos mó ná caint ag baint lenár Sáspan Dubh féinig leis. Bhí uair ann go gcreidítí sna deocha draíochta so. Chreidítí go raibh cumhacht an gheasa ag an mbraon a thagadh astu ach módh ceart a ndéanta a leanúint agus an bunábhar ceart a chur iontu. Dealraíonn sé go raibh na deocha so á meascadh suas go dtí deireadh na 19ú haoise agus níos dhéanaí ná san b’fhéidir. Is féidir linn a bheith deimhnitheach de go gcleachtaí a leithéidí roimis an nGorta Mór agus gur mhair an traidisiún i measc na ndaoine, mar a mhair leis na daoine rompu. D’fhéadfaí a thuairimiú fiú, go bhfuil traidisiún na n-upaí seirce ag dul siar amach sa chianaimsir.

<sup>2</sup> Ua Duinnín, P. *Fóclóir Gaedhilge agus Béarla*, s.v. ‘Murchadh’, ‘Murchadh na dTóiteán ... chonaic sé Murchadh nó an tor ab’fhoisce dó’.

Is le hoidhreacht nó ó ghlúin go glúin a roinneadh na Gaeil saineolas an léinn sa tréimhse mheánaoiseach in Éirinn. Bhí teaghlaigh áirithe ainmnithe chun filíochta, bhíodh teaghlaigh de staraithe, de scríobhaithe agus de lucht leighis ann, agus faoi dheireadh na tréimhse bhí cuid mhaith de na clanna so ilghnéitheach ar na ceirdeanna so ar fad. Is féidir a shonrú ó shloinnthe áirithe go raibh ársaíocht ar leith ag baint le cuid don lucht leighis, féach ainmneacha cosúil le Ó hÍcí < Íceadha ón Sean-Ghaeilge *íccaid* ‘duine a leigheasann’ agus Mac an Leagha ón Sean-Ghaeilge *líraig* ‘medicus’.<sup>3</sup> D’áirigh Brian Ó Cuív go raibh fiche teaghlach dúchasach leighis ag feidhmniú in Éirinn sa 16ú haois.<sup>4</sup> Meabhraíonn Kenneth Nicholls, áfach, gurbh iad na foinsí leighis comhaimseartha Eorapacha a bhí ag na teaghlaigh leighis Éireannacha so agus nár caomhnaíodh i scríbhinn pé teagasc agus modhanna oibre a bhí acu sara dtáinig na saothair leighis úd chucu ón mBreatain agus ón Mór-Roinn. Ní foláir nó is mó cleas, cógas agus cleachtas a bhí ag na seanlianna so, cuid acu go raibh feidhm leo agus cuid acu ná féadfadh a bheith laistiar díobh ach intinn mhaitheasa.

Is léir mar sin go raibh oiliúint ar na Gaeil i gcúrsaí leighis le fada an lá. Más ea ní dócha go raibh mórán eolais ag an ngnáthbhean ná fear ar na lámhscríbhinní sofaisticiúla leighis a bhí ag dul ó údar go húdar. Cinnte thit cuid de chleachtais na leabhar so isteach i nósanna leighis na ndaoine le himeacht ama, ach ar chuma an chreidimh agus an tsaoil osnádúrtha, mhair na sean-nósanna i gcuimhne na ndaoine, leis. Ní móide, cuir i gcás, go dtráchtann an seantráchtas leighis úd *Rosa Anglica* ar mhaothachán nó fual stálaithe a leathadh ar fuaid an tí chun leanbh nua-shaolaithe agus a mháthair a chosaint ar na sióga.

<sup>3</sup> Nicholls, K. W. *Gaelic and Gaelicised Ireland in the Middle Ages* (revised edition, 2003), lch 92 via Ó Muraíle, N. ‘The Hereditary Medical Families of Gaelic Ireland’ in Ó Murchú, L. P. (ed.) *Rosa Anglica: Reassessments. Irish Texts Society. Subsidiary Series* 28. Dublin, 2016, lch 86.

<sup>4</sup> Ó Cuív, B. ‘The Irish language in the early modern period’ in Ó Cuív (ed.) *Seven Centuries of Irish Learning* (Dublin, 1961) lch 92 via Ó Muraíle, N. ‘The Hereditary ...’, lch 86.

Ach mhair an nós san sa dúthaigh seo go dtí le déanaí.<sup>5</sup> Mhair dhá chóras nó tuiscint ar rudaí meitifisciúla sa tír seo: ghéill na daoine do Dhia na Glóire, don Maighdean Mhuire agus na naoimh ach ghéilleadar chomh maith céanna don slua sí agus na piseoga a lean iadsan, nómhaireacht a thagann chugainn ón ré réamhChríostaí. Mar is eol dúinn is ar an dtaobh tuathail a bhíodh na cleachtais seo go minic, iad rúnda dorcha diamhair. Bhí cleasa draíochta ann chun fear nó bean a mhealladh agus faoi mar a deir an cailín i *gCúirt an Mheon-Oíche* agus í á n-áireamh, is ar chumhachtaí an deamhain nó an diabhair a bhíodh sí ag glaach agus í ag plé leis na nithe seo:

Níl cleas acu súd dá ndúras láithreach  
Ná ghrainn cúnamh an Deamhain go láidir'.<sup>6</sup>

Dar ndóigh, tá trácht agus tagairtí do dheocha seirce ar fuaid an domhain mhóir agus is ábhar coiteann iad sa litríocht is ársa dá bhfuil againn. Thángthas ar script d hingchruthach ó c. 2200 R.C. san áit ina bhfuil an Iaráic inniu a chuireann síos ar dhraíocht earótach agus a thuilleadh ón Éigipt ón dtréimhse 11-1200 R.C. Tá tagairtí luatha ar fuaid na hEorpa ó na Gearmánaigh, na Francaigh, na Breatnaigh, na Rómhánaigh agus go háirithe ó na Gréagaigh. Go deimhin féin, is ón nGréigis a thagann an focal 'philtre' chugainn, a chiallaíonn upa nó deoch seirce i mBéarla agus tá scéal cáiliúil ar an upa fola agus ológa a chuimil Déinéire do léine Earcail chun ná héalódh sé le mná eile. Bhí an smearadh róláidir agus mhairbh sé an gaiscíoch. Go minic bhíodh támhshuanach nó 'narcotic' láidir sna deocha so agus an baol ann go maróidís an té a thógfadh iad, ach dá mbeadh an tomhas díreach i gceart bhí ar chumas na mná an fear a chur ar a shuaimhneas, thioctadh fonn air agus bheadh deis ag an mbean a dúil a bhaint as. Bhí an tuiscint ann chomh

<sup>5</sup> Ó Héalaí, P. 'Gnéithe de bhéaloideas an linbh ar an mBlascaod' in *Léachtaí Cholm Cille XXII*. Má Nuad, 1992, lgh 81-122. Gabhaim mo bhuíochas le Pádraig Ó Héalaí as an tagairt seo a chur chugam.

<sup>6</sup> *Cúirt an Mheon-Oíche* le Brian Merriman, c. 1780, ll. 305-6 (CMO feasta) in Ó Murchú, L. P. (eag.) *Cúirt an Mheon-Oíche*. An Clóchomhar, 1982.

maith go raibh cumhacht ag fíon dearg an fear a mhealladh, ach gan an iomad a thabhairt dó ar eagla gur leamh a bheadh sé dá dheascaibh. Ach i gcuid mhór do na cásanna so is chun fear nó bean a mhealladh i gcomhair oíche is mó a bhíothas seachas iad a chur faoi gheasa go brách.

Sa litríocht dúchais tráchtar ar Dheirdre agus Naoise agus ar Dhiarmaid agus Gráinne. Áirítear gur chuir an bheirt bhan an bheirt fhear faoi gheasa chun go dtitfidís i ngrá leo. Sa dá chás bhí bac áirithe ar na fearaibh. I *Longes Mac n-Uislenn*, scéal a thagann chugainn ón 9ú nó b'fhéidir an 8ú haois, bhí sé ráite sa tairngreacht gurb í Deirdre a scriosfadh fir Uladh. Nuair a dhiúltaigh Naoise don gcailín óg ar na cúinsí sin níor dhein sí aon ní ach breith ar dhá chluais air agus é a chur faoi gheasa. Tá sé soiléir ón litríocht agus ón seanchas go dtuigí go raibh claonadh ag baint leis an gcaidreamh, cuir líne as an amhrán *Cailín na Gruaige Doinne* i gcás – ‘nó Deirdre a bhí ag Naoise mar chéile faraoir, lena claongheasa draíochta do mheall é’. Tá iarracht den móitíf chéanna againn in *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne*, scéal a cuireadh le chéile sa Mhumhain uair éigin sa 16ú haois ach téann gnéithe de i bhfad níosa shia siar ná san. I gcás na *Tóraíochta* ordaíonn Gráinne ar a cailín aimsire deoch suain a thabhairt d’Fhionn Mac Cumhaill, a hathair Cormac Mac Airt agus an chuileachta ar fad oíche an fhéasta mhóir i dTeamhair. Nuair a dhiúltaíonn Diarmaid di cuireann sí faoi gheasa é agus éalaíonn sé léithi ó Fhionn Mac Cumhaill agus an bhuíon. Is i gcoinne a dtola a bhíonn na fir sa dá chás agus iad ag éalú leis na mná agus téann siad i gcoinne orduithe a gceannairí. Níor dhein Naoise rud ar Chonchúr Mac Neasa agus an dálda céanna ag Diarmaid agus Fionn Mac Cumhaill. Téid i gcoinne an údaráis chun toil na mban a shásamh, agus, is marbh a chríochnaíonn an bheirt fhear sa deireadh. Ceacht é a mbás, b’fhéidir, d’aon fhear a thaibhreodh ar dhul i gcoinne toil a athar i gcúrsaí cleamhnais.

Léiríonn an dá scéal a luas go raibh an tuiscint ann go raibh ar chumas na mná an fear a chur faoi gheasa chun go raghadh sé léithi nó chun go mbeadh iachal air í a phósadh i gcoinne

a thola nó i gcoinne an *status quo*. Is i gCúirt an Mheon-Oíche le Brian Merriman a críochnaíodh i 1780 is fearr a fhaighimid éachtaint ar na cleachtais rúnda so a bhí ag mná chun fir a mhealladh chucu. Cáisíonn an bhean bhreá óg atá gan mhaoín ná spré sa tsaol na deacrachtaí atá aici fear maith oiriúnach a fháil le pósadh. Tá sí i ndeireadh na feide, tá gach cleas saolta triailte aici chun fear a fháil, féachann sí ina timpeall agus cíonn sí na fir atá chomh ‘cruacheart ceannasach ceapaithe córach’ san ceangailte nó pósta ‘ag cailligh, ag amid, nó ag óinmhid, nó ag suairle salach do chaile gan tíonscal’.<sup>7</sup> Tá luascadh áirithe le brath ar mheanma an chailín sa ghluaiseacht so, bíonn sí teasaí díongbháilte ag áireamh a maitheasaí féin ach éadóchasach tréithlag nuair a chuimhníonn sí ar na baic atá ina coinne ag an struchtúr soch-eacnamaíochta ina maireann sí. Gan talamh ná spré ina bóthar níl faic i ndán di ach an fán fada. Téann sí amach agus an chuid is fearr den éadach uirthi go dtí an machaire mín mara n-imrídís na camáin, na rincí, na tinte cnámha, na haontaí agus Aifreann an Domhnaigh ach gan faic aici dá bharr ach crá croí agus dalladh. San eadóchas di tugann sí cuairt ar na mná feasa ag caitheamh cupaí agus ag léamh cártaí ach gan aon toradh cóir air seo. Tosnaíonn an chaint seo ar ‘bhéithibh balbha is cailleacha cártaí’ gluaiseacht eile a chuireann síos ar na cleasa diamhaire a bhí aici chun go mbeadh fios aici cé hé an fear a bhí i ndán di. Tugann sí cuntas ar na slite difriúla a bhíodh ag cailíní óga chun fios a bhfear céile a bheith acu, obair a deintí in ainm an áibhirseora Oíche Shamhna. Fiú amháin sa lá atá inniu againn bíonn an fáinne, an cipín nó an cheirt sa bháirín breac, tairngreachtaí a inneosaidh do chailín an bhfuil pósadh, drochphósadh nó pósadh bocht i ndán di. Baineann cailín na *Cúirte* triail as gach cleas: a léine a ní i gcoinne an tsrutha, a hiongainí agus a gruaig a fhágaint i mbrúid na tine, uirlisí áirithe a chur i bhfearas i slite áirithe, tor gabáiste a chur faoin leabaidh agus pleananna eile. Ach faigheann sí í féin in umar na haimléise nuair ná hoibríonn na cleasa so agus a fhios go maith aici í a bheith ag dul san aos agus a cumas muirear a bheith aici

---

<sup>7</sup> CMO: 215, 218-9.



ag dul i léig 'Is é fáth mo scéil go léir 's bhrí / mar táim gan céile tar éis mo dhíchill ... táim in achrann daingean na mblianta / ag tarraingt go tréan ar laethaibh liatha, / is eagal liom éag gan éinne 'om iarriadh'.<sup>8</sup> Is chun ainnise atá a cuid cainte ag dul, formad agus fearg uirthi i dtaobh mná eile an bhaile a bheith pósta is ál na dtimpeall agus í féin ina ceap magaidh acu. Is ag an bpointe seo, an pointe is ísle atá scroichte aici go dtí so a thosnaíonn sí ag caint ar na deocha draíochta nó na hupaí claonta a raibh teacht orthu chun fear a chur faoi gheasa, go mbeadh grá aige di agus go dtoghfaidh sé í mar chéile dá ainneoin féin.

'... maille le luibheanna díbhle dreoite  
is arthanna draíochta chloífeas fós dom  
buachaill deas nó gas ghalánta  
is bhuaifas ceart a shearc 's a ghrá dhom'

a fhógraíonn sí go dóchasach. Tuigtear di, áfach, go raibh diablaíocht ag baint leis na luibheanna agus deir sí linn leis go raibh taithí aici ar a leithéid a fheiscint – 'Do chonarc go leor don tsórt dá dhéanamh'.<sup>9</sup> Is breá mar a dhaingeadh na meascáin seo beirt le chéile a deir sí ag áireamh na luibheanna difriúla a théadh iontu:

Greamanna dh'úlla is púdar luibheanna,  
Magairlín meidhreach, meill na mbualtaibh,  
Taithigín taibhseach, toill na tuairte,  
Mealla na minseach, claíomh na mbunsach,  
An cumainín buí is an draíocht chum drúise,  
Duilleabhar dóite ar nós gur rún é  
Is tuilleadh dhon tsórt nách cóir a mhúnadh.<sup>10</sup>

<sup>8</sup> CMO: 307-8, 310-12.

<sup>9</sup> CMO: 333-6 agus 337.

<sup>10</sup> CMO: 340-6.

Tugann an líne dhéanach san, ‘tuilleadh dhon tsórt nách cóir a mhúnadh’ (a mhúineadh) le fios gur cáiréiseach braiteach a bhí an cailín agus í ag tabhairt faoi na deocha draíochta so agus a fhios aici gur ag síneadh i dtreo na ndubhealaíon a bhí sí agus í á láimhseáil. Míníonn sí dúinn go raibh bean óg a bhuaigh céile di féin ina scéal iontais i dTuamhain, ach go raibh an cailín céanna tar éis a rá léithi trí rún go raibh sí ag plé lena leithéid de chleasaíocht chun a fear a fháil.

Is díol spéise go dtugann Merríman an méid sin airde ar na cleasa agus na deocha draíochta so, 71 líne ar fad. Tá an dealramh air, dar liom, go rabhadar coitianta go maith i gContae an Chláir sa dara leath don 18ú haois agus roimis sin. B’fhéidir go raibh mná feasa nó cailleacha cártaí ann a dheineadh na deocha so do mhná cosúil le cailín óg na *Cúirte*. Tugann na tagairtí don dtaobh tuathail agus don ndiabhal nod dúinn go raibh traidisiún ársa laistiar do na nithe seo fiú in aimsir Mherríman féin. Is léir óna dhán fada agus ó scata foinsí eile ón dtréimhse gur cheist lárnach sa tsochaí an neamh-chothromaíocht a bhí ann maidir le cúrsaí cleamhnais agus pósta. Talamh, aicme agus spré a bhí ag deachtú na gcúraimí seo agus bhíodar súd a bhí gan mhaoin fágtha ann. Is mó rud a dhéanfaidh an duine in am an ghátair agus má chreid cailín go mbeadh sí ábalta ar fhear gustalach a bheith aici dá dtabharfadh sí braon de dheoch draíochta dó, b’fhiú di an seans san a thógaint agus í sásta ina haigine, dar ndóigh, dul sáite sa tsaghas san diabalaíocht. Tá an tuairim ann leis go raibh daonra na bhfear titithe i gContae an Chláir faoi 1780, am cumtha na *Cúirte*, agus go raibh ganntanas fear ann a ghéaraigh an iomaíocht idir chailíní céile a bhuachtaint. Ba iad na mná a bhí scothaosta a bhí ag mealladh na bhfear óg le spré mar a mheabhraigh file éigin ón dtréimhse:

Is ait an ní chím, ’s is clamprach é  
 An fear a bhí líonta do ghreann iné  
 Ar gad ag mnaoi chríona i ngeall le spré  
 ’S nach feas nách í shínfeadh a cheann i gcré. <sup>11</sup>

<sup>11</sup> Ó Rathile, T. F. *Burdúin Bheaga*. Dublin, 1925, uimh. 29.

Tháinig borradh mór ar dhaonra na hÉireann i dtosach na 19ú haoise. Ní raibh an bac céanna ar lánúineacha óga is a bhí in aimsir Mherríman. Phóstaí óg chun briseadh amach as an dtigh go luath. Bhí caighdeán maireachtála an-íseal ag an gcosmhuintir, iad ag brath ar an móin chun teasa agus ar na prátaí chun beatha. Bhí an portach agus an cnoc le tabhairt chun míntíreachais agus ní raibh ó bheirt óg nuaphósta ach pléata beag suarach chun prátaí a fhás ann. Ach tháinig athrú air seo le linn agus tar éis an Drochshaoil. Bhí a ndóthain fachta ag tionóntaithe agus go háirithe ag na tiarnaí talún de ghabháltaisí beaga. Agus an daonra glanta ag gorta agus ainnise bhí deis ag lucht an rachmais na gabháltaisí a mhéadú agus feirmeoireacht thréadach a fhorbairt. Is mar seo a chuir an staraí K. H. Connell síos air:

The dominance of the potato over the Irishman's field and board was a condition of the old, uninhibited marriage; there was no other crop (none, at least, that flourished under Irish skies) which enabled a family to feed itself on the yield of a few acres. It was quite inevitable that the overthrow of the potato should make marriage more discriminate, and one of the ways in which it did so was by making young men and women more exacting than their parents in estimating the land necessary to endow a marriage. When the years of charitable relief had passed, one thing was common to virtually all of the foodstuffs which the peasants [people] increasingly used to supplement their potatoes whether they were bought or grown by the people who used them, more land had to be earmarked for their acquisition than had been needed to grow the quantity of potatoes which they displaced.<sup>12</sup>

D'fhág an t-athrú a thug an Gorta leis go raibh garsúin agus cailíní óga gan mhaoin sa chruachás céanna is a bhíodar in

<sup>12</sup> Connell, K. H. 'Marriage in Ireland after the Famine: The Diffusion of the Match' in *Journal of the Statistical and Social Inquiry Society of Ireland*, Vol. XXIX. Dublin, 1955/1956, lch 85.

aimsir Mherríman, is é sin go raibh bac orthu céile cóir a fháil le pósadh gan talamh ná spré. Is é a dúirt Peig Sayers ag trácht ar a laethanta in aimsir i ndeireadh na 19ú haoise:

Ní bean bhreá a bhí uathu ach airgead, mar is minic a deireadh Bríde, agus soc uirthi, nach hí an bhreáthacht a chuirfeadh an corcán ag fliuchaidh. Is cuma leis an muintir chríonna ach iad féin a bheith sásta, agus an mac a bheith fé thrioblóid aigne snaidhmthe le leadhbóig gan chrích gan aird an chuid eile dá shaol.<sup>13</sup>

Agus í ag scríobh i 1887 deir Lady Wilde ina leabhar *Ancient Legends, Mystic Charms, and Superstitions of Ireland*:

Some of the country people have still a traditional remembrance of very powerful herbal remedies, and love potions are even now frequently in use. They are generally prepared by an old woman; but must be administered by the person who wishes to inspire the tender passion. At the same time, to give a love potion is considered a very awful act, as the result may be fatal, or at least full of danger.<sup>14</sup>

Tá an dealramh ar an scéal go raibh na hupáí dorcha seirce seo á ndéanamh faoi thuath na hÉireann i ndeireadh na 19ú haoise agus is é mo thuairim go raibh a leithéid á dhéanamh anso i nDún Chaoin chomh maith céanna. Bhí an saol an-dhifriúil an uair sin, saol a mhaisímid-ne inniu trí chuntaisí agus eachtruithe taitneamhacha a thagann chugainn ón scéalaíocht agus ón litríocht. Ach bhí na daoine tar éis gabháil tríd bhlianta gruama an Drochshaoil agus ná deinimis dearúd go raibh gorta beag sa tír leis i 1879. Bhí taithí acu ar an mbás agus ar an gcabhalae. I saol ina gcreidtí sa bhean sí, sna síoga, na liosanna, na púcaí agus na spioraid ní rud bun os cionn é go raghadh cailín ar thóir

<sup>13</sup> Ní Mhainín, M. agus Ó Murchú, L. P. (eag.) *Peig. A Scéal Féin*. An Sagart, 1998, lch 76.

<sup>14</sup> Wilde, F. S. *Ancient Legends, Mystic Charms, and Superstitions of Ireland*. 1887, féach 'Love Potions'

upa seirce chun cleamhnas a dhéanamh di féin nuair ná raibh faic eile i ndán di ach a bheith ar an gcaolchuid. Cuireann Peig Sayers síos ar an mbráca agus an suaitheadh aigne a bhí uirthi féin sa leabhar *Beatha Pheig Sayers*: í faoi chois ag an máistreás, ag sclábhaíocht ó mhaidean go hoíche agus gan do phá ann le ceart ach í a bheith amuigh as an dtigh, rud a thabharfadh fuascailt éigin dá muintir ná raibh acu ach an beagán. B'fhuirist a thuiscint conas a chomáinfeadh gá agus éadóchas cailín chun a leithéid do chleas a imirt. Cinnte bhíodh nósanna eile ag cailíní chun buachaill a mhealladh. Chualaidh Seán Ó Ríordáin ó Airglinn i gCo. Chorcaí a mháthair a bhí 90 i 1933 ag trácht ar 'chac an ghandail bháin' –

Dá mba dhóigh leis an gcailín nách raibh an buachaill ceanúil uirthi dhéanfadh sí cach (*sic*) an ghandail bháin do *bheiriú* agus thabharfadh sí don bhuaichill i gan fhios i gcupán té béidir nú i slí éigin den tsórd son – agus bheadh an grádh riach ann 'na dhiaidh sin.<sup>15</sup>

Déarfainn go raibh duine, bean is dócha, nó tigh sa dúthaigh seo ina ndeintí an deoch so, i sáspan dubh ní foláir. Bhreac Máirín (Ní Dhálaigh) Uí Chonchubhair 'recipe' na dí seo ó Mhícheál Ó Gaoithín, nó Maidhc File, mac Pheig Sayers i 1965. Is mar seo a chuir an File é:

Á mbeadh buachaill ann agus é ana-dhathúil agus go mbeadh cailín áirithe ana-mhór leis ach ná beadh sé mór léi – ann-as, abair – bhaineadh sí úsáid as an sáspan dubh le saghas diabalaíochta.

Agus tagann am áirithe le linn na ré bheith lán ar gach cailín a bhíonn san aois seo 18-30 go dtagann na deilliúirí [is é sin] go mbíd i saesúr. Thagadh rudaí teine laistíos ortha – ar bhun a léine – agus chuireadh sí síos sa t-sáspan iad (na

<sup>15</sup> CBÉ 54: 367. Deir sé leis as Béarla: "Cac an t-sicín Duibh' If the boy thought the girl wasn't fond enough of him, he'd boil it and give it to the girl in a drink, and sh'ed lust(?) the country after him, she'd follow him from this to Bantry Bay after it'.

gearabacha) agus ansan chuiridís geir muice no caoireach agus píosa de mhucéoil úr gan salann.

Bheiridís ansan iad agus gheibhidís an maingilín meidhreach<sup>16</sup> leis agus míol na mbualtach – púca peil buí-liathghlas, cos fada caol as ag fás as tuar ainmhí agus caipín caol anáirde air – bheiridís go maith iad go ndeintí deoch dóibh, thar oíche.

Bheadh *ball* (*night*) beag san tig agus gheobhadh an stócach óg cuireadh. Cuirfí muicfheoil ag rósta agus, nuair a bheadh sé á *dh'*ithe sin, gheobhadh sé an deoch so le n-ól, agus chaillfeadh sé a mheabhair ina diaidh. Agus mura bhfaigheadh sé an bhean le pósadh, bhí baol ann go bhfaigheadh sé bás.

An grá ag teacht ana-olc an uair sin agus mara ndéanfadh sí é thúirt, bheadh sí ag sní is ag caitheamh go gcaillfí í.<sup>17</sup>

Is cuntas sainiúil é seo a fhaighimid ón bhFile, an cailín ag mealladh an bhuachalla 'le saghas diabalaíochta'. Tá sé spéisiúil go raibh an oiread san eolais aige ar an mbunabhar agus ar dhéantús an upa ghránna so. Maidir leis na luibheanna a luann an cailín i g*Cúirt an Mheon-Oíche* deir Dáithí Ó hUaithne agus Liam P. Ó Murchú nach féidir a bheith cruinn ar chuid acu ach '... is féidir', a deir Ó Murchú, '*magairlín meidhreach* a cheangal le *early purple orchid* an Bhéarla agus 'is dócha go bhfuil gaol idir an *cúimín buí* agus *cummin* an Bhéarla.' Deir sé gur dócha gur 'cnapáin bhualtaí de shórt éigin a bhí i gceist le *meill na mbualtaibh* agus *mealla na misneach* agus arís *toill na tuairte* (= na loigeacha i mbualtaí na mbó?)',<sup>18</sup> a fhiafraíonn sé. Tá na rudaí céanna i 'recipe' an Fhile 'an maingilín meidhreach

<sup>16</sup> Tá 'magairlín', 'mangairlín' agus 'maingilín' meidhreach cloiste agam ó chainteoirí dúchais na háite.

<sup>17</sup> Mar a bhreac Máirín Uí Chonchubhair (Baile Ícín) an cuntas ó Mhícheál Ó Gaoithín (An Blascaod Mór agus Baile Bhiocáire) i 1965. Fuaireas an cháipéis ó Mháirín i mí Iúil 2017. Féach, chomh maith, ar aguisín an pháipéir seo mar a bhfuil dhá chuntas eile ar an sáspan dubh ón nGuithíneach.

<sup>18</sup> CMO: Ich 53.

leis agus míol na mbualtach – púca peil buí-liathghlas, cos fada caol as ag fás as tuar ainmhí agus caipín caol anáirde air’ chomh maith le ‘gearbacha’ an chailín agus iad beirthe go maith thar oíche le ‘geir muice nó caoireach agus píosa de mhuiiceóil úr gan salann’.<sup>19</sup> Dar ndóigh tá cáil ar na magairlíní meidhreacha ar fuaid an domhain mar shórt ‘aphrodisiac’, toisc an dá phúróg atá mar rúta orthu a bheith dealraitheach le magairlí an fhir. Is as san a thagann a ainm sa Ghaeilge agus ciallaíonn ‘órkhis’ na Gréigise magairle chomh maith.<sup>20</sup> Tá agus bhí tuiscint draíochtúil ar na púcaí peill riamh, an fás diamhair thar oíche. Léiríonn an focal ‘púca’ féin san ainm a nasc leis an osnádúr. Luann Peter Wyse Jackson sé cinn déag de phlandaí agus luibheanna in Éirinn a raibh tuiscint ann iad a bheith bainteach le ‘aphrodisiac’ nó deocha seirce.<sup>21</sup> Bhí an tuiscint ann go gcaithfeadh gné phearsanta don mbean a bheith sa upa leis, ribe gruaige, gearbacha ó rudaí tinne laistíos a deir an File, agus bheadh trácht ar fhuil mhíosta na mná, leis. Agus é ag tagairt don Sáspan Dubh in alt leis in *The Irish Times* áiríonn Seán Ó Ríordáin, an file, púróg an mhagairlín mheidhrigh, fuil mhíosta na mná agus feoil mar bhunabhar an upa.<sup>22</sup>

Mar a mheabhraigh Breandán Feiritéar dom ba é breith an phobail ar an Sáspan Dubh ná nár tháinig aon ní cóir riamh as, agus thuigfeá canathaobh agus eachtruithe na *Cúirte* agus an Fhile sa cheann againn. Ach tá ar a laghad dhá dhéantús

<sup>19</sup> Ba chóir a lua anso gurbh fhear léannta é Mícheál Ó Gaoithín agus gur dócha go raibh *An Chúirt* léite aige nó ceann éigin go raibh giotaí den dán cloiste aige ón mbéalaithris. Mar sin féin tá an dealramh ar a chuntas nach ceapadóireacht dá chuid é an t-oideas so.

<sup>20</sup> Féach leis: ‘A novel aphrodisiac compound from an orchid that activates nitric oxide synthases’ Department of Phyto-pharmacology, Tropical Botanic Garden and Research Institute (TBGRI), Palode, Thiruvananthapuram, India: ‘Nitric oxide (NO) is known to have roles in several crucial biological functions including vasodilation and penile erection’ via US National Library of Medicine National Institutes of Health, féach <https://www.ncbi.nlm.nih.gov/pubmed/23595103> (Fiosraithe: 03/08/2018).

<sup>21</sup> Jackson, P. W. *Ireland’s Generous Nature. The Past and Present Uses of Wild Plants in Ireland*. Missouri Botanical Garden Press, 2014, lch 119.

<sup>22</sup> Ó Ríordáin, S. ‘Antraipeolaithe i gCorca Dhuibhne’ in *The Irish Times*. 20 Meitheamh, 1968, lch 12.

fhileata ar marthain a léiríonn dearcadh na ndaoine i dtaobh an tSáspain. Bhailigh Seán Ó Briain an Bhuailtín seacht gcinn de véarsaí ó Shéamas Ó Lúing, nó ‘Pound’ mar a b’fhearr aithne air, fadó riamh. Bhailigh Máirín Uí Chonchubhair gíotaí ó mhná a comharsantachta, a bhformhór ó Bhríd Ní Lúing, nó Bid, leathchúpla Phound, i 1965.<sup>23</sup> I scríbhinn an Bhrianaigh tá dhá dhán, ceann acu le véarsaí a haon go dtí a ceathair marcáilte go soiléir agus ceann eile a thosnaíonn ‘A Neil Chipin is tusa fé ndeara é’, trí véarsa fhánacha is ea iad so. Glaofaimid **Dán 1** ar an gcéad cheann agus **Dán 2** ar ‘A Neil Chipin is tusa faoi ndeara é’. Tá leagan níos iomláine de **Dhán 2** againn a bhailigh Liam P. Ó Murchú ó Sheán Ó Cíobháin na Gráige sna 1970í.

Pléifeam **Dán 1** i dtosach. Is i leith Ghobnait Ní Chinnéide a bhí pósta le Séamas Ó Lúing nó An Baidhlear (athair críonna Phound) agus i leith Neil de Mórdha, a bhí pósta le Domhnall ‘ac Síthigh, (athair críonna eile Phound) a chuitear na véarsaí i n**Dán 1**. Bhí teist na filíochta ar an mbeirt bhan so agus dar ndóigh ba iad máithreacha críonna Phound agus Bhid iad. Tá an dealramh ar an scéal gur thit Tomás Ó Lúing i ngrá le Cáit nó Katie Ní tSíthigh ach ná raibh Gobnait, máthair Thomáis, sásta go mbeadh sé ina chliamhain isteach ag an lánúin chríonna i mBaile Ícín. Deir Gobnait gur bhain Neil úsáid as an Sáspan Dubh chun ‘diabalaíochta’ agus chun ‘geasa’ a chur ar Thomás – i bhfocail eile, gur thug Neil nó Katie braon do Thomás as an Sáspan Dubh. Ach cosnaíonn Neil í féin agus an caidreamh á rá gur grá nádúrtha a bhí ann idir Tomás agus a hiníon Katie – ‘A Ghobnait’, a deir sí ‘nách tú a thug an clogadh dom agus gan é fíor’. Is aighneas idir bheirt bhan, nó dhá theaghlach fiú, atá againn. Iarrachtaí géara fileata ar a chéile a léiríonn an t-achrann a bhí eadarthu agus a gcumas an t-achrann san a chíoradh i bhfoirm véarsaíochta. Tá an friotal agus ord na véarsaí difriúil idir na leaganacha a bailíodh ón gcúpla. Féachfaimid ar leagan Bhid agus líonfad isteach fobhearna atá ann ó leagan Phound.

<sup>23</sup> Mo bhuíochas arís ar Mháirín as na foinsí seo a roinnt liom.



Tosnaíonn Gobnait Ní Chinnéide ag díriú ar Neil de Mórdha:<sup>24</sup>

A rúcaigh ghránna chaol, go dtaga greim tré lár do  
chléibhe

Do mheallais uaim mo leanbh is gan de bhun ar an ál  
ach é

....

....

Freagraíonn Neil de Mórdha:

A Ghobnait, nách tú a thug an clogadh dom agus gan é fíor  
Mar nách é mo gheasa do thairrig é ná méid mo  
dhiabalaíocht

Ach mo leanbh do thug sé taithneamh di **ó lár geal a  
chroí** ( is dá gruaigín bhuí)

Is cinnibh do **straioile** (shlataire) age baile is go dtéigh  
sé dhíot

Labhrann Gobnait thar n-ais:

Ní hé bhur gcúirt-se atá rúnach dár mbuachaill deas

Ná bhúr n-asailín **laogh** shúileach go mbeadh sé ina  
diaidh le slait, [léith / liath?]

Ár bprionsa d'fhear lúthmhar nár thug a chúl riamh  
d'aon **fhear** (chath)

Agus **do bráth** ní rachfaidh fén súsa led' bhlúire ' bhean  
[= go brách]

---

<sup>24</sup> Is liomsa na focail sna braicéid agus is le Máirín Uí Chonchubhair na focail sna lúibíní. Deir Máirín: 'Thógas síos é seo i 1965 ach n'fhéadfadh éinne den gcomhlúadar cuimhneamh ar na línte ar fad. Bhí na focail idir lúibíní an chomónta leis' (Ríomhphost, mí Iúil 2017).

Neil arís:

I dtús an tsamhraidh cuirfeam ceann air agus finiúg  
laisteas<sup>25</sup>

Cuirfeam Dúnal sa chúinne é féin sa bhean  
As go bhfágfam a rúm fé Mhac Uí Lúing agus a  
chúilfhionn deas  
(Beidh an triúr a' bailiú chúghain ós na Stáit laisteas)<sup>26</sup>

[Véarsa eile a bhí ag Pound]<sup>27</sup>

Gobnait ag caint lena mac Tomás, b'fhéidir:

Tá lá an aonaigh orainn a' déanamh sa mhí seo a theacht,  
Beidh sí romhat age tig a chúinne fé mar a leigfeadh an  
colúr í de bhais.

Fé na gúna *Pale is Blue* is fé na shawl daor deas [= navy  
blue]

Is a Mhic Uí Lúing deir siad súd leat gan 'nion an  
Chrústa a bhac.

Ba dhóigh leat gur bheag ar Ghobnait Ní Cinnéide go mbeadh  
a 'buachaill deas' Tomás ina chliamhain isteach ag na Síthigh  
agus go raibh sí ag súil go bhfanfadh sé ag baile mar ná 'raibh  
de bhun ar an ál ach é'. Ba bheag uirthi go mbeadh Tomás i  
ndiaidh a 'n-aislín léith-shúileach' le slait. B'fhéidir, leis, go  
raibh cailín óg eile sa cheann ag Gobnait nuair a dúirt sí 'Ní hé  
bhur **gcúirt-se** atá oiriúnach dár mbuachaill deas'. Tá an bhéim  
breise ar chúirt á thabhairt le fios gur tuigeadh di go raibh

<sup>25</sup> '... fuinneóg bhreagh geal' i leagan Phound.

<sup>26</sup> Tá an líne 4 anso in easnamh sa leagan a bhailigh Máirín ó Bhid ach tá sé sa leagan  
a bhreac an Brianach ó Phound fadó. Is i líne 3 atá sí i leagan Phound seachas líne a  
4 anso.

<sup>27</sup> Bhíodh leagan den rann céanna ag Seán Ó Cíobháin agus deir a mhac Pádraig liom  
gur mhinic a cloistí aige é agus é ag crú na mba tráthnóintí. 'Bhí gúna don *navy  
blue* uirthi / Agus seál beag deas, / Agus í romham ag tigh an chúinne, / fé mar a  
ligfeadh an colúr í dá bhais', Ó Cíobháin, P. 'Airc' in *Le Gealaigh*. Coiscéim, 1991, lch  
22. Tuigtear dom gurb é 'tigh an chúinne' Tigh na Ríseach i mbarra na Sráide Móire  
i nDaingean Uí Chúise.

cúirt eile, a cúirt féin is dócha, níos oiriúnaí do Thomás. Ach tar éis a dóthain don ‘gclogadh’ a thógaint ó Ghobnait maíonn Neil go gcuirfear ceann nua agus fuinneog laistean ar a dtigh agus go mbeidh sí féin agus a fear céile Dúnal sa chúinne agus go bhfágfar ‘rúm’ ag mac Uí Lúing agus ag Katie. Bheadh an cliamhain isteach ag an lánúin chríonna agus sásamh aigne acu go mbeadh fear óg i bhfeighil an tí agus iad ag dul san aos.

Phós Tomás Ó Lúing agus Katie Ní tSíthigh in Inid 1884 agus thógadar clann mhór i mBaile Ícín. Fágann san gur timpeall na bliana 1883 nó 84 a cumadh na véarsaí thuas.

Tá an dealramh air go bhfuil ranna in easnamh cé go bhfuil an méid a thit linn críochnúil go maith ó thaobh eachtraíochta de. Is léir ar na ranna go raibh féith na filíochta go maith sa bheirt bhan. Leanaíonn siad na seanmheadarachtaí aiceannta agus feidhm le gach focal agus gach líne dá bhfuil iontu. Léiríonn siad, leis, gur aighneas é seo a pléadh os comhair an phobail. Ní móide go raibh aon bhaint ag an mbeirt le chéile, ní raibh scoil filíochta i nDún Chaoin a d’úsáidí mar fhóram chun na véarsaí a chraobhscaoileadh. An b’amhlaidh a cheap Gobnait an chéad véarsa ag mallachtú Neil – ‘A rúcaigh ghránna chaol go dtaga greim tré lár do chléibhe’ – agus gur chuir sí na focail os comhair na ndaoine ar an dtuiscint go mbainfidís Neil amach. An mar sin a thosnaigh an gach re seo, véarsa ag dul siar is aniar ó Bhaile an Ghleanna go Baile Ícín? Muintir na háite á rá agus á n-athrá, ag tógaint ceann dóibh, á moladh agus á gcáineadh, na véarsaí a bheith acu leis na prátaí, mar a déarfaí. Ní fios i ndáiríre cén fhaid a mhair sé seo agus an raibh filí eile ag cur a lámha sa roinnt agus iad ag ceapadh véarsaí dá gcuid féin. Ach ba chóir a chuimhneamh gur líomhain thromchúiseach í a chuir Gobnait i leith Neil, gurbh é cumhacht an tSáspain Dhuibh a chuir a mac ar strae go tigh na Sítheach.

Féachfaim ar **Dhán 2**. Tuairimím gur eascair **Dán 2** sa aighneas na mban agus gur leibhéal é ar an Sáspan Dubh trí chéile. File glic éigin nár ghéill go hiomlán don draíocht so go léir agus a chonaic, mar a dhein a lán eile sa phobal is dócha, an taobh seoigh don gcúram ar fad. Tá greann, seó agus clisteacht

ann, sórt aoire é le ceart, cé go ndeirtear leis ná leanann aon ní cóir an Sáspan Dubh. Is mar seo a bailíodh ó Sheán Ó Cíobháin é:

Tháinig Seán Tiul ar méarnáil an(n),  
chua' sé amú i measc na bpóirsí;  
chuir a' Baidhlear a sheanabhróg 'dtí an sáil ann  
is dá dheascaibh tá a dheireadh gan bhrí.

A Neil Chipin is tusa fé ndeár é  
do thug leat na mná so ar iontaoibh,  
do lig ar bóiléagar do sháspan  
faid a bhí gluis insa Daingean á dhíol.

Dhéanfadh sé pó dhuit nú áras  
nú é 'cheangal mar sparán chút laistíos;  
má dh'fhaigheann tusa 'rís chun do lámha é  
din smidiríní dho 'muigh ar a' gcláí.

Ar maidin inné i ngort na háithe  
agus Deá-í 'buint na bprátaí,  
tháinig go doras na leasa (rátha)<sup>28</sup>  
agus ghlaodar isteach air chun bídh.

Thug Deá-í a ramhann ag réapáil leis  
go dtabharfadh sé abhaile chúilhi í;  
do riug na púcaí ar mhineál air  
agus sciobadar a' cromán as síos.

Thánadar suas ar an nGráig leis  
agus chuireadar a' chráin úd fé chlí,

<sup>28</sup> Deir Liam P. Ó Murchú liom go mbíodh idir *na leasa* agus *na rátha* ag Seán Ó Cíobháin. Deir sé liom chomh maith go dtugadh an tOllamh Brian Ó Cuív 'lexical substitution' air seo i líne filíochta nuair a chuireadh na seanscríobhaithe focal comhchiallach isteach cé go sáraíodh an mheadaracht. Is fearr a oireann an leagan *na rátha* anso.

do riug sí go dóite ar pháipán air  
is ní shnuídhmfidh go brách a phláitín.<sup>29</sup>

Na daoine a luaitear, Seán Tiul, An Baidhlear, Neil Chipin agus Deá-í, cuid de mhuintir na háite ab ea iad san agus ar chúis amháin nó ar chúis eile tuigeadh don té a cheap an dán, agus an pobal timpeall air ní foláir, go raibh teangmháil éigin acu, maith nó olc, leis an Sáspan Dubh.

Dheineadh an Sáspan, nó go deimhin féin an tigh ina ndeintí an braon, sórt amadáin den dtriúr fear, agus ba dhóigh le duine gurb í Neil Chipin an mháistreás a bhí laistiar den gcúram ar fad – A Neil Chipin is tusa fé ndeár é / do thug leat na mná so ar iontaoibh.

Tugann san sinn thar n-ais go dtí na trí véarsaí fánacha a bailíodh ó Phound. Baineann an chéad rann acu le **Dán 2** ‘A Neil Chipin is tusa fé ndeara é’. Más ea ní dócha go mbaineann an dá véarsa eile leis an ndéantús céanna. Is mar seo a thosnaíonn sé:

A Neil Chipin is tusa fé ndeára é  
A thug leis an nath<sup>30</sup> seo in iontaoibh  
A sgaoil ar bóiléagar do sháspan,  
Agus glais sa Daingean á ndíol.

Tabhair faoi ndeara gach re líne ag malartú na n-aiceann á / í – fé ndeár é / in iontaoibh / do sháspan / á ndíol. Ach ansan tagann athrú rithime air:

Tá an chitilín scóltha is í oireamhnach chun díghe  
Tá fios curtha ar Sheán Dhómhnaill is ar Thadg na dTuigí  
Chuaidh leitir ‘on Róimh ach níor tuigeadh ann an sgríobh  
Is hóró hóró a Chailleach na Spannlaí.

<sup>29</sup> *An Sáspan Dubh* ó Sheán Ó Cíobhain (1914-85), ar an nGráig, 05-06-1977. Liam P. Ó Murchú a bhailigh óna athair céile. Ó Ghleann Loic i nDún Chaoin ab ea Tomás Ó Cíobháin, athair Sheáin. Is dócha gur óna athair a fuair Seán na véarsaí. Mar mhalairt ar an líne dheireanach anso deireadh Seán *is dá dheascaibh tá a dheireadh gan bhrí*.

<sup>30</sup> *na mná* scríofa lastuas de ‘nath’ sa scríbhinn.

Tá puintin beag sa Cholony gurab ainm di siúd Katie  
 Mac Uí Lúing i ngradam léi d'iarr í fháil mar chéile  
 Tug sí an meacan dearg do is thairig tre na léine é,  
 Is go deó arís ní chífear é i dtalamh Seana-Jamesy.

Táimid iompaithe ar phátrún meadarachta eile anois agus chomh maith leis sin tá seó agus greann **Dhán 2** 'A Neil Chipin is tusa fé ndeár é' imithe uainn. Tá an dealramh air gur iarsma do dhán eile ar fad é seo a thráchtann ar chleamhnas nó ar phósadh Thomáis agus Katie. Is ag tagairt don líomhain, is é sin gur chuir Katie Mac Uí Lúing faoi gheasa leis an mbraon as an Sáspan Dubh atáthar – 'tá an chiteailín scóltha is í oiriúnach chun dí' – agus gur 'meacan dearg' a tharring sí trína léine, a thug Katie dó. Tagraíonn sé leis don míshastacht a bhí ar Ghobnait Ní Chinnéide ná beadh a mac Tomás Ó Lúing ag baile i bhfeighil an tseanthí – 'go deo arís ní chífear é i dtalamh Seana-Jamesy', is é Jamesy, Seámas Ó Lúing, An Baidhlear, athair Thomáis.

Tá mar sin trí iarsma de thrí dhán difriúla againn a thagraíonn do thraidisiún an tSáspain Dhuibh agus an t-easaontas a bhí idir Ghobnait Ní Chinnéide agus Neil de Mórdha mar gheall ar chleamhnas Thomáis Uí Lúing agus Katie Ní tSíthigh. Faighimid éachtaint ar a shaibhreacht is a bhí an chumadóireacht bhéil i nDún Chaoin i ndeireadh na 19ú haoise agus an cumas agus an fonn a bhí ar dhaoine ceisteanna tábhachtacha teaghlaigh a chíoradh go hoscailte os comhair an phobail – idir dháiríribh is mhagadh. B'í an fhilíocht a bhí mar ghléas acu chun an plé sin a dhéanamh. Gan dabht ní i gcónaí a ráineodh gur bheirt bhanfhile iad na máithreacha céile a bhí in aighneas.

Aguisíní<sup>31</sup>

CBÉ Ls. 1478, lgh 172-4

Stampa dar dáta '5 OCT 1956'

'Mícheál Ó Gaoithín, Baile Bhiocáire, Dún Chaoin, An Daingean, Ciarraí do scríobh é seo leanas. Mac le Peig Sayers é, S. ÓS.<sup>32</sup>

[172] ... bhí sí sé mbliadhna agus cheithre fichid d'aois go gcloiseadh sí a máthair dá rádh gur cuma duit cad é an luibh do bhainfá acht gan aon bhaint a bheith agat leis an óraiste cnoic<sup>33</sup> gur dhóigh dhuit seasamh ar an áit go mbeadh sé ag fás. Bhainidís ana-úsáid as luibh an uisce, agus as luibh an *chuiriththe*, luibh an ime agus luibh an *ghrádh*. Ag cuid des na seana-mná bhíodh s[h]eana-sáspan dubh aca agus gan d'athair ná mháthair thíos ann acht luibhne brúigte measgaithe ar a chéile. Bhíodh oiread eagla roimis an sáspan dubh agus do bheadh riomh claoidheamh Osgar na Féinne. Má dheinidís díoghbháil leis an sáspan so do dheinidís maitheas mar an rud a mharbhuigheann duine sé leighseann duine eile.

Bhí mná speisialta ann chun leighis a dhéanamh ar an dtaobh amuich do lucht na sáspan dubh so. Deiridís go mbídís in aonfheacht leis na daoine maitha mar i dteannta an leighis do bheith ar eolas aca do bhí beagán feasa aca leis. Is ar na daoine maith[t]a is mó do *chuiridís* an mhileán mar is maith a bhíodh/fhios aca go rabhadar san ar an dtaobh amuich do thuisgint an ghnáth-dhuine agus ná raibh aon eólas ina dtaobh aca. Poc ón spéir ab'eadh gach ní agus milteóireacht. Caithtaoí é fhágaint

<sup>31</sup> Táim buíoch do Shéamas Barra Ó Súilleabháin as na tagairtí seo a chur ar mo shúilbh dom. Ní raibh aga agam iad a áireamh sa pháipéar thuas mar go raibh an páipéar ullamh i gcomhair an chló nuair a fuairas na tagairtí i mí Lúnasa 2018.

<sup>32</sup> Fágadh an scríbhinn mar atá sé ó thaobh litrithe, cuireadh isteach sínte fada a bhí fágtha ar lár, ní baineadh aon síneadh fada amach. Cuireadh an séimhiú isteach sa chló Iodálach nuair a measadh go raibh sé fágtha ar lár trí dhearúd nó deabhadh. Cuireadh séimhithe breise i mbraicéid. Athraíodh **an** go '**on**' (= don) nuair ba ghá. Leasaíodh an phoncaíocht ar mhaithe le soiléireacht.

<sup>33</sup> = sáiste cnoic

mar sin. B[h]í bean an *fheasa* agus bean an leighis a dubhairt é agus ní raibh aon dul thar na breith sin ar an sgéal. Dheineadh *h* sí an leigheas agus ba lúb[h] ar a slabhra eólais agus feasa an cur amach a bhí aici ar sluaighte na sidhe, agus ar lucht áitreabh na múchán.

Idir fhear is bhean a bhíodh ag déanamh an leighis seo ní raibh crí<sup>34</sup> ghiolla na<sup>35</sup> ghiorráin riamh air acht 'na aimleóir cromtha druinneach (druigneach) agus a *cheann* 's a chosa buailte ar a chéile. Acht ba *chuma* leó acht an ainm mhór do bheith aca. Ní raibh lucht na sáspan dubh chómh dona leó so. Bhí a rith 's a rian aca. Ba *chleasa* ban óg agus fir óga bhíodh ag lucht na sáspan dubh. Chuiridís beirt i ndiaidh a chéile ná beadh aon chaitheamh ná éileamh aca ar a chéile. Chuiridís san tslíghe iad go bhfaighdís bás mar a bpósfadís. Níl éinne timcheall na háite atá ag baint úsáid as na luibhne so nú má tá is 's i ngan fhios don phobal é.

Chuala ná raibh galar ag teacht ar an nduine ná go raibh luibh ag fás do leigheasfadh é dá mbeadh an déanamh ceart amach uirthi. [174] Níor chuala riamh aon trácht ar lá margaidh go raibh ádh nú mí-ádh ag gábhail leis acht an earradh dhíol. Mar is dócha tuisg nách rudaí seannda san ceanntar so iad aontaighe ná margaí gurb é sin an fáth nár chuala riamh aon tseanchas ag baint leó acht do *chuid* a dhíol. Acht níor mhaith le héinne aistriú Dé Luain ná san Charraois bhíodh cur 'na *choinne* sin aca.

Bhí bean bhocht ann fadó agus bhí aon mhac amháin aici, acht tháinig fonn ar an mac dul ag tuilleamh do féin agus bhí an mháthair ag baint seachtmhain san bhreis do. Seo mar a dúbhairt sí:

Ní lá chun gluaiste an Luan ná an Mháirt duit  
Ná an Céadaoine lar 'na mháireach,  
Tá an Dérdaoine crosta crostálta,

<sup>34</sup> = crích < críoch

<sup>35</sup> = an



Is tá an Aoine is an Satharann beannaighthe ón bPápa.  
Is fan ag baile go Maidean Dhomhnach Cásga .

D'fhan sé ag baile as san amach do phós sé cailín ón áit agus bhí  
rath agus séan ar.

\*\*\*

CBÉ Ls. 1532, lch 113-19  
Stampa dar dáta '1957'

[Seo mar a thóg Mícheál Ó Gaoithín cuntas ar an Sáspan Dubh  
ó bhean ná luaitear. Tá sé le sonrú ón lámhscríbhinn gurbh í  
Méiní Céitinn Uí Dhuinnshléibhe a thug an cuntas dó.]

[113] Do b'ionghantach an chómhacht agus na deasa<sup>36</sup> a bhí san  
tsáspan dubh. Do leath sé ó bhéal go béal mar ghluaiseóchadh  
sruith uisce le fánaidh an tsléibhe nú mar do ritheadh teine trí  
pháirc aitin lá earraidh. Ní raibh bean leanbh ná fear fásta ná  
gur bé an sáspan dubh so b'abhar cainnte dóibh ar bóthar nú  
ar chosán nú cois [114] teine san oídhche, nú gur leath a cáil ní  
hamháin ins an áit go raibh a cómhachta dá chur i bhfeidhim  
acht ar fuaid na Mumhan go léir. Ins an tslíghe dá bé an bacach  
a gheóbhadh an bóthar é, ní leigfeadh eagla do deoch d'ól ins  
an tig go raibh an sáspan dubh so, pé tort do bheadh air. Níor  
b'ionghnadh san mar ná raibh a leithéid seo do sháspan eile i  
dtír na hÉireann san am so, nú má bhí ní raibh sé i mbéal an  
phobail fé mar bhí an sáspan dubh.

Seo cuid den gceann súird<sup>37</sup> a bhí san tsáspan diabalaighe  
seo go bhfuil trácht fós air san ceanntar so.

Ní fhágach an sáspan dubh cois na teine. Bhíodh ' inead  
féin ceapaighthe do nú gur thug an teine dath dubh air. Bhíodh  
taé agus luibh an ghrádh ag beiriú san tsáspan. Leó san bhíodh  
brí nádúra na mná óige, braon dá cuid fola leis agus an monglín

---

<sup>36</sup> = geasa

<sup>37</sup> = ceann sóirt; comharthaí sóirt.

meidhreach. Deireadh cuid des na daoine 'san amhrán 'tug sí cuid den meac[h]ann dearg dho / a bhí in íochtar a léine.'

Fuair fear gurb ainm do Seán Beag a *cheart* den sáspan dubh so [115] agus c(h)aith sé an *bhean* óg do phósadh nú gheóbhadh sé bás.

Bhí an buachail óg so ann gan aon áiféis ná magadh agus Seán Beag ab ainm do. Cáit ab ainm don gcailín agus Máire ab ainm dá máthair. Bean a bhí lán de dheasa ab'eadh Máire seo. Pé áit gur fhoghalamaig sí cleas an tsáspain nú pé tuincéir a dhein di é, bhí sé aici agus í dian *mhaith* 'na chóir. Deireadh daoine Dia idir sin(n) agus an t-olc go raibh baint ag droch rud leis an sáspan dubh so, agus go raibh sáspan mar é dá *chleachtadh* ar an Oileán Tiar. Níl fhios agamsa isteach nú amach do tháinig túis na céirde seo an tsáspain acht go raibh ráithtas go raibh geasa an tsáspain curtha i bhfeidhim ar *fhear* óg ar an Oileán i bhfad sul ar thosnuigh aon trácht ar an sáspan dubh.

Seadh más fíor ní raibh aon *cheann* dóibh araon go maith. Bhí an *chómhacht* mhallaighthe céadhna ag baint leo istig sa amuigh.

Bhíodh an buachail seo ag teacht gach aon oídhche go dtí tig an *chailín*. Ní fhéadfadh sé fanacht ag baile mar bhí na geasa air, dibh sé as an sáspan [116] agus tháinig an mearbhall smáileach air. Shamlaig sé Cáit ar áileacht leis an réalt. Dá mbeadh an oídhche ag caitheamh splannacha agus tórneacha, do thiocfadh sé, níor bhféidir leis fanacht, bhí an grádh riach air.

Do bhíodh an sáspan so san chúl-theine i gcómhnuidhe, trí nú ceathair de sméarthóidí beaga teine fé. San am san do bhíodh sé mar bhéas ag an aos óg a bheith ag imirt caide gach oídhche *ghealaigne*. Sé Seán Beag an buachail óg do chuireadh an *ghaoth* san la(mh)nnán dóibh. Bhí sé ana-*mhaith chun* san a dhéanamh. *Thugach* sé leis amach an *chaid* agus bhuaileadh sé poch uirthi d'fhonn is iad *chur* ón dtig. Nuair a bhídís imthigthe curtaí an bolta ar an ndoras *chun* ná beadh aon dul ag éinne ar teacht isteach.

Idir a naoi agus a deich do bhíodh an sáspan dubh ar siubhal agus p[h]é posóid<sup>38</sup> a bhíodh ag tarrang ann i rith an laé

<sup>38</sup> = posóid

(bhíodh sé) dá ól ag Seán Beag is ag Cáit agus muic-fheoil rósta agus arán bán.

[117] Bhí féar trí mba ag Seán Beag. Do cheapadar so go bhfaigheadh Seán Beag an talamh agus an tig. Acht ba bheag ar a mhuintir é sin a dhéanamh. Acht pé sgéal é b'éigean do Cáit a phósadh, ní mhairfeadh sé gan í, mar bhí stuif mhílteach a bhí san tsáspan dubh dulta ó smior go smúsaig aige is 'na *theannta* san é riththe<sup>39</sup> trí gach féith is feithleóig dá raibh 'na chorp.

An lá tar éis iad do phósadh ní raibh aon rud aca do churfadís ag beiriú, tar éis an rósta go léir a bhí aca roimis sin. Bean ón mbaile do chuir isteach birdóg<sup>40</sup> phrátaí chúca ar son Dé agus a hanama mar ba thruagh mhór iad nú gur oscail Dia béarna na cabhartha<sup>41</sup> ar an bhfear is gur tháinig biasta<sup>42</sup> an iasgaig. Bheadh a *dhóthain* aige dá bhfaigheadh sé tig athar acht ní raibh san i ndán do agus b'éigean do claoidh leis an ndealbhus i dtí *Cháit* is a máthar i rith a bheatha gan fáltas acht an t-iasgach. Naoi mbladhna déag do bhí Cáit an lá a phós sí. Do bhí tréad bheag [118] bheag de *chaoire* ag Cáit ar an gcnuic agus lá an aonaig a bhí chúgainn nú ag déanamh orthu do dhíol sí amach seacht cinn des na caoire. Do thug na seacht cinn de chaoire sin nú a bhfiacha go dtí na ndóthain iad chun go raibh adhbhair iasgaig ag teacht air. Táid araon marbh le fada, beanneacht dílis Dé le na n-anam.

Is é an tslíghe chéadna gur cuireadh cómhacht an tsáspain duibh so i bhfeidhim, a cuireadh geasa an tsáspain ar an Oileán. Ní fheadar-sa an iad na ceann-súirdí céadhna a bhí ag gábhail le sáspan dubh an Oileáin acht chualadh gur *chuaidh* a geasa i bhfórsa ar an ógánach agus gur chaith sé an bhean do phósadh acht más eadh ní fada an saoghal a fuair sé.

Dubhairt daoine gur do dheasgaibh na prugóigde<sup>43</sup> seo a déag an fear cruaidh láidir úd nár oir sé dá chuid fola agus gur thréig sé gan mhoil(l) acht do mhair fear Dhunchaoin a

<sup>39</sup> = rite

<sup>40</sup> = birdeog

<sup>41</sup> = cabhartha < cabhair

<sup>42</sup> = biaiste

<sup>43</sup> = purgóide

fuair prugóid den chineál céadhna nú go raibh sé cromtha le haois. Son agat cúntas beag ar an sáspan dubh [119] agus ar na cómhachta diabalaighe do lean é. Ná luaidh m'ainim leis an gcúntas so más é do thoil é.

'Ná bíodh eagla ort, a bhean,' arsa mise, 'ní raghaidh aon ainim leis seo', agus ní chuireas leis ón uair nár mhaith leis an té a thug dhom an cúntas so, tá sé chómh maith. Is maith an rud é *b*heith sábhálta againn an chuma go gcuirtí luibh an *gr*hád*h* i bhfeidhim san ceanntar so.